
# Tionscadal Leathnaithe ar Dhroichead an Phointe do Choisithe agus Rothaithe agus ar Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh – Achoimre Sholéite

## Cá bhfuil an tionscadal seo?




Tá an tionscadal lonnaithe ag Droichead Thomáis Uí Chléirigh atá ann cheana sa Rinn, Cathair Bhaile Átha Cliath. Beidh an droichead nua do choisithe agus rothaithe lonnaithe díreach siar ó Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh atá ann cheana.

## Céard atá i gceist leis an tionscadal seo?

Baineann an Tionscadal Leathnaithe ar Dhroichead an Phointe do Choisithe agus Rothaithe agus ar Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh le droichead nua do choisithe agus rothaithe a thógáil. Beidh feabhsúcháin ar Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh atá ann cheana mar chuid den tionscadal freisin.

## Cén fáth a gcaithfimid an obair seo a dhéanamh?

Níl an droichead atá ann cheana oiriúnach do choisithe ná do rothaithe le húsáid sa bhail ina bhfuil sé faoi láthair.

Tá an cosán atá ann faoi láthair róchúng le húsáid ag coisithe. Baineann rothaithe úsáid as an gcosán freisin, mar go mbíonn sé róchontúirteach a bheith ag rothaíocht ar an mbóthar, rud a fhágann go mbíonn sé an-deacair ar an bpobal an cosán a úsáid.

Is é an droichead an príomhbhealach d'fheithiclí le dul trasna na habhann ar imeall thoir Chathair Bhaile Átha Cliath. Ceanglaíonn sé Tollán Bhaile Átha Cliath le deisceart na cathrach agus téann líon ard feithiclí thairis, Feithiclí Earraí Troma ina measc. Tá leithead an bhóthair ar an droichead an-chúng le go bhféadfaidh feithiclí agus rothaithe é a úsáid le chéile, rud a fhágann go bhfuil sé an-chontúirteach a úsáid mar atá sé faoi láthair.

Tá líon níos airde daoine sa cheantar mar thoradh ar an bhforbairt a rinneadh ar an gceantar dugaí, rud a fhágann go bhfuil gá le cosáin agus raonta rothar do dhaoine a chaithfidh dul trasna na Life.

Ina theannta sin, mar gheall ar an méadú ar an líonra taistil ghníomhaigh i gCathair Bhaile Átha Cliath ní mór feabhas a chur ar an gcrosaire seo chun freastal ar choisithe agus rothaithe.

## Cad atá san áireamh sa tionscadal?

**Droichead an Phointe do Choisithe agus Rothaithe:**
Beidh droichead nua do choisithe agus rothaithe lonnaithe díreach siar ó Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh atá ann cheana. Cuirfidh sé sin crosaire sábháilte trasna na Life ar fáil do choisithe, d'úsáideoirí leochaileacha bóithre agus do rothaithe a bheidh ar shiúl ón trácht.

Beidh an droichead in ann oscailt, díreach mar atá Droichead Thomáis Uí Chléirigh faoi láthair.

Tógfar túr nua rialúcháin idir an dá dhroichead. Tiocfaidh sé sin in ionad an tsean-fhoirgnimh rialúcháin. Beidh an droichead nua agus Droichead Thomáis Uí Chléirigh atá ann cheana á n-oibriú leis an túr rialúcháin nua.

Beidh spás ríochta poiblí agus suíocháin ar an droichead nua, a chuirfidh radhairc áille ar fáil don phobal den Life agus de Chathair Bhaile Átha Cliath.

**Feabhsuithe ar Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh:**
Leathnófar an droichead ó thuaidh agus ó dheas chun spás a chur ar fáil do lána casta breise.

Déanfar uasghrádú ar na bacainní bóthair, ar an soilsiú poiblí agus ar na comharthaí tráchta ar an droichead freisin.

Trí na hathruithe sin a dhéanamh, tá coinne againn leis go mbeidh sé i bhfad níos sábháilte agus níos éasca don phobal dul trasna na Life ag an suíomh seo.

## Cén chuma a bheidh air?

Tógfar droichead nua díreach in aice le Droichead Thomáis Uí Chléirigh atá ann cheana, ar an taobh thiar de. Beidh raon rothar ar an taobh thoir den droichead agus cosán do choisithe ar an taobh thiar de, agus beidh siad deighilte óna chéile le colbha.

Beidh spás ríochta poiblí i lár an droichid nua, ina mbeidh suíocháin agus soithí plandaí. Beidh daoine in ann sult a bhaint as radhairc ar iarthar na cathrach, ar an Life agus ar Chumann Rámhaíochta Naomh Pádraig.

Beidh túr nua rialúcháin a bheidh trí stór ar airde ann freisin. Dearadh an foirgneamh le bhféadfaidh oibrithe na droichid a oibriú nuair is gá iad a oscailt do bháid a théann ar an Life.

Beidh lána casta breise ar an taobh thuaidh de Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh atá ann cheana. Cuirfear bacainní, soilse agus soilse tráchta nua ar an droichead.



**Fótamontáis 1 – Radharc den Leathnú ar Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh agus Droichead an Phointe do Choisithe agus Rothaithe leis an túr rialúcháin a mholtar ó Ché an Phoirt Thuaidh**



**Fótamontáis 2 – Radharc de Dhroichead an Phointe agus den túr rialúcháin ó Ché Sir John Rogerson**

## Cad é amlíne an tionscadail?

Tionólfar comhairliúchán poiblí neamhreachtúil ón 11 Meitheamh 2024 go dtí an 12 Iúil 2024 chun deis a thabhairt do gach duine féachaint ar na moltaí don tionscadal.

Cuirfear an scéim ar aghaidh chuig an mBord Pleanála ansin chun cead pleanála a fháil ag deireadh 2024.

Faoi réir ag ceadanna pleanála agus ceadanna, déanfar an Dearadh Mionsonraithe agus Soláthar ag deireadh 2025 agus tosófar ar thógáil an tionscadail in 2027.

## Conas a chuirfidh mé mo thuairim faoin tionscadal seo in iúl?

Tá cúpla bealach ann chun tuairim a thabhairt faoin tionscadal seo agus chun tuilleadh eolais a fháil.

1. Seol do thuairimí ar ríomhphost chuig ActiveTravelOffice@dublincity.ie agus “Scéim Dhroichead an Phointe” i líne an ábhair.
2. Seol litir chuig:

   Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath,
   Teach Cavendish,
   Bloc D,
   Cúirt Árann,
   Cé Árann,
   Baile Átha Cliath 7,
   D07 H5CH

3. Comhlánaigh an fhoirm ar líne ar shuíomh gréasáin an tionscadail idir an 11 Meitheamh 2024 agus an 12 Iúil 2024.

## Cén áit is féidir dearaí an tionscadail a fheiceáil?

Beidh doiciméid agus léaráidí an tionscadail ar fáil lena mbreathnú le linn an chomhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil ag na suíomhanna seo a leanas agus ar líne.

1. Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath,
   Bloc 1,
   Urlár 0,
   Oifigí na Cathrach,
   An Ché Adhmaid,
   Baile Átha Cliath 8,
   D08 RF3F

2. Leabharlann na Rinne,
   Sráid Mhic Liam,
   Baile Átha Cliath,
   D04 Y970

3. Leabharlann Mheal Charleville,
   Meal Charleville,
   Bóthar na Trá Thuaidh,
   Baile Átha Cliath 1,
   D01 AX99

4. Ar líne ag [www.dublincity.ie/activetravel](http://www.dublincity.ie/activetravel)

## An mbeidh deis ann bualadh le Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun a bhfuil molta a phlé?

Reáchtálfar imeacht eolais maidir leis an tionscadal óna 4-7pm ar an 18 Meitheamh in Ionad Pobail na Rinne agus an Bhaile Ghaelaigh, agus óna 4-7pm ar an 19 Meitheamh in Ionad Pobail Sheáin Uí Chathasaigh, an Port Thoir.